Athbhreithniú

# 03

GA

# Iompar ainmhithe beo san Aontas Eorpach Dúshláin agus deiseanna

CURIA RATIONUM

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

2023

# Clár

| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | **I-X** |
| **Réamhrá** | **01-12** |
| **Scóip agus cur chuige an athbhreithnithe** | **13-17** |
| **Tosca atá ann d'iompar ainmhithe** | **18-62** |
| **Tosca rialála** | **19-38** |
| Níl reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar ainmhithe á forfheidhmiú go cothrom ar fud na mBallstát | **20-23** |
| Tá an Comhbheartas Talmhaíochta dírithe ar ghnéithe seachas leas ainmhithe le linn iompair | **24-28** |
| Níl aon chomhchaighdeán lipéadaithe feola ann | **29-36** |
| I straitéisí de chuid an Aontais a rinneadh le déanaí, moltar córas bia níos inbhuanaithe | **37-38** |
| **Tosca eacnamaíocha** | **39-62** |
| Speisialtóireacht in earnáil an bheostoic | **40-43** |
| Comhchruinniú méadaithe in earnáil maraithe na n-ainmhithe | **44-49** |
| Tá costais táirgthe agus maraithe ainmhithe éagsúil idir Ballstáit | **50-53** |
| Ní léirítear fulaingt ainmhithe i gcostais iompair ná i bpraghsanna feola | **54-57** |
| D'fhéadfadh roghanna tomhaltóirí tionchar a imirt ar iompar ainmhithe | **58-62** |
| **Treochtaí in iompar ainmhithe** | **63-79** |
| **Níl aon sonraí láraithe cuimsitheacha ann maidir le hiompar ainmhithe ar leibhéal an Aontais** | **63-66** |
| **Treochtaí maidir le hainmhithe a iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas** | **67-73** |
| **Teicneolaíochtaí nua chun faireachán ar iompar ainmhithe a fheabhsú** | **74-79** |

Dúshláin agus deiseanna 80-86

Iarscríbhinn

Iarscríbhinn I – Na príomhfhoilseacháin a ceadaíodh

Giorrúcháin

Gluais

Foireann na Cúirte Iniúchóirí

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Gach bliain, iompraítear na billiúin ainmhí beo de bhóthar, de mhuir, d’iarnród agus d’aer laistigh den Aontas agus chuig an Aontas agus uaidh, ar chúiseanna éagsúla, amhail pórú, ramhrú nó marú. Tá reachtaíocht maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair glactha ag an Aontas Eorpach. Is léir ó laigí a bhraith an Coimisiún Eorpach agus a braitheadh i staidéir acadúla nach gcloítear leis na caighdeáin leasa reatha i gcónaí agus go bhfuil ceisteanna maidir lena leormhaitheas tagtha chun cinn.

**II** Tugann ár n-athbhreithniú tuairisc ar na príomhthosca atá ann d’iompar ainmhithe beo, agus léiríonn sé na treochtaí in iompar ainmhithe. Cuireann sé deis ar fáil chun cur leis an díospóireacht maidir le hiompar ainmhithe in am don athbhreithniú atá ar na bacáin ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe. Ní tuarascáil iniúchóireachta é seo; is athbhreithniú é atá bunaithe go príomha ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, ar ábhar a bailíodh go sonrach le haghaidh an athbhreithnithe seo agus ar obair atá déanta againn roimhe seo.

**III** Bíonn tionchar ag roinnt tosca idirnasctha – tosca eacnamaíocha agus rialála go príomha – ar iompar beostoic laistigh den Aontas agus chuig tíortha nach bhfuil san Aontas. Níl reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar ainmhithe forfheidhmithe go cothrom ag Ballstáit agus tá an baol ann go bhféadfadh iompróirí leas a bhaint as lúba ar lár a eascraíonn as na córais smachtbhannaí náisiúnta éagsúla. Thacaigh an Comhbheartas Talmhaíochta le táirgeadh ainmhithe chun soláthairtí cobhsaí bia inacmhainne agus gníomhaíochtaí spreagtha a áirithiú chun leibhéil níos airde leasa ainmhithe ar an bhfeirm a chur chun cinn, ach go dtí seo ní raibh sé dírithe ar leas ainmhithe le linn iompair.

**IV** Tá tosca eacnamaíocha ina ngné lárnach don iompar ainmhithe. I margadh aonair, is í an aidhm atá ag oibreoirí amhail feirmeoirí agus táirgeoirí feola ná costais a laghdú, ioncaim a uasmhéadú agus barainneachtaí scála a bharrfheabhsú trí bhuntáiste a bhaint as na difríochtaí costais idir Ballstáit. D’fhéadfaí an díobháil a dhéanann an t-iompar do leas ainmhithe a mhaolú trí líon na n-aistear agus an fad taistil a laghdú, trí na coinníollacha d’ainmhithe beo le linn iompair a fheabhsú, agus trí roghanna malartacha a aimsiú in ionad iompar ainmhithe.

**V** Ní chuirtear cáilíocht leasa ainmhithe le linn iompair san áireamh i gcostas iompair agus i bpraghas na feola. De réir staidéir acadúla agus de réir staidéir ón gCoimisiún, cruthaíonn an easpa sonraí bac ó thaobh córais dreasachta a fhorbairt a d'fhéadfadh cuideachtaí iompair a spreagadh chun fadhbanna leasa ainmhithe a chosc, agus na dreasachtaí eacnamaíocha a ghabhann le neamhchomhlíonadh a íoslaghdú.

**VI** D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag tomhaltóirí maidir le hathrú a chur chun cinn. Dúirt freagróirí ar shuirbhéanna a rinne an Coimisiún gur chuir siad leas ainmhithe san áireamh nuair a bhí táirgí feola á gceannach acu, ach go mbeidís toilteanach praghsanna níos airde a íoc dá gcuirfí ar an eolas iad faoi dhálaí maithe leasa ainmhithe. Mar sin féin, mar gheall ar an líon mór scéimeanna éagsúla lipéadaithe, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta, agus toisc nach ann d'fhaisnéis shonrach, is deacair do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh.

**VII** Leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', cuirtear an t-aistriú i dtreo córas bia níos inbhuanaithe chun cinn. Bheadh gá le hathruithe struchtúracha sa slabhra soláthair agus i bpatrúin tomhaltais bia chun aistriú den sórt sin a dhéanamh. Ó thaobh níos leithne de, tá coibhneas idir méid an tomhaltais feola agus líon na n-ainmhithe beo a iompraítear. Trína fheachtais fógraíochta agus a chláir cistithe, cuidíonn an Coimisiún le feirmeoirí an Aontais agus leis an tionscal bia a dtáirgí feirme a dhíol, lena n-áirítear feoil (úr, fuaraithe agus reoite) agus ullmhóidí feola.

**VIII** Déanann na Ballstáit taifead ar ghluaiseachtaí ainmhithe i mbunachair sonraí náisiúnta sainaitheantais agus clárúcháin. I gcás gluaiseachtaí idir na Ballstáit nó teacht isteach san Aontas, déantar sonraí a thaifeadadh i mbunachar sonraí de chuid an Choimisiúin. Cruthaíodh na bunachair sonraí sin chun sainaithint ainmhithe, clárú feirme agus deimhniú sláintíochta a thaifeadadh ar mhaithe le galair a rialú, agus níl siad curtha in oiriúint faoi láthair chun sonraí láraithe cuimsitheacha maidir le hiompar ainmhithe a chur ar fáil don Choimisiún. D'fhéadfadh úsáid teicneolaíochtaí nua feabhas a chur ar an bhfaireachán ar iompar ainmhithe ó thaobh gluaiseachtaí de, agus ó thaobh leas ainmhithe le linn iompair de freisin. D'fhéadfadh uirlisí digiteacha barr feabhais a chur ar phleanáil agus lóistíocht san iompar ainmhithe.

**IX** Leagamar béim freisin ar roinnt dúshlán do lucht ceaptha beartas agus do gheallsealbhóirí an Aontais:

- roghanna malartacha in ionad iompar ainmhithe a shainaithint agus a ghlacadh;
- faisnéis níos fearr a chur ar fáil chun cuidiú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh;
- athruithe struchtúracha a chur chun cinn i dtreo córas bia níos inbhuanaithe;
- luach airgeadaíochta a shannadh i leith fulaingt ainmhithe le linn iompair agus é sin a chur san áireamh i gcostais iompair agus i bpraghas na feola; agus
- forléargas láraithe agus cuimsitheach a fháil ar iompar ainmhithe ar leibhéal an Aontais, agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun faireachán a dhéanamh ar iompar ainmhithe, chun leas ainmhithe le linn iompair a thomhas agus chun barr feabhais lóistíochta a chur chun cinn.


**X** Shainaithníomar na deiseanna gaolmhara seo a leanas, a d'fhéadfaí a chur san áireamh i bhfianaise an athbhreithnithe a dhéanfar go luath ar reachtaíocht an Aontais:

- iompar feola seachas iompar ainmhithe beo a chur chun cinn, mar aon le húsáid a bhaint as seamlais áitiúla agus shoghluaiste;
- trédhearcacht agus comhchuibhiú i lipéadú feola a mhéadú, mar shampla trí chóras lipéadaithe leasa ainmhithe de chuid an Aontais;
- na dreasachtaí cearta a chur ar fáil do tháirgeoirí, d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí chun iompar inbhuanaithe a spreagadh;
- modheolaíocht a fhorbairt chun fulaingt ainmhithe a phraghsáil isteach i gcostais iompair agus i bpraghas feola;
- leas a bhaint as acmhainneacht TF agus feabhsuithe teicneolaíochta chun gach aistear ainmhithe a rianú, lena n-áirítear aistir intíre; ceamaraí agus braiteoirí a úsáid chun leas ainmhithe a thomhas agus chun faireachán a dhéanamh air le linn iompair; agus uirlisí digiteacha a úsáid chun pleanáil agus lóistíocht san iompar ainmhithe a bharrfheabhsú.

# Réamhrá

**01** In 2021, bhí feirmeoirí an Aontais ag tógáil 76 mhilliún eallach, 142 mhilliún muc, 60 milliún caora, 11 mhilliún gabhar, mar aon leis na billiúin éanlaithe clóis, agus ainmhithe eile, ó choiníní go capaill (***Fíor 1***)[1].

### Fíor 1 – Ainmhithe a tógadh san Aontas in 2021




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Eurostat agus sonraí EPRS.

**02** Le linn a saolré, d'fhéadfaí na hainmhithe sin a thabhairt ó fheirm amháin go feirm eile chun pórú nó ramhrú a dhéanamh orthu, agus chuig seamlais lena marú. I bhformhór na gcásanna, fanann siad sa tír chéanna, ach d'fhéadfadh sé go mbeifí á dtabhairt chuig Ballstát eile nó chuig tír eile lasmuigh den Aontas freisin. Is féidir éagsúlacht mhór a bheith i gceist leis na hachair a thaistealaítear agus le fad an aistir[2].

---

[1] Eurostat, Pobal na mbeostoc in uimhreacha; Seirbhís, Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS), Trádáil AE agus iompar ainmhithe beo (2020), lch. 1.

[2] EPRS, Trádáil agus iompar ainmhithe beo san Aontas Eorpach (2020), lch. 1.


**03** Déanann an Coimisiún (Eurostat) iompar ainmhithe a aicmiú mar seo a leanas:

- iompar intíre, i.e. laistigh de Bhallstát;
- iompar laistigh den Aontas, i.e. idir na Ballstáit;
- iompar lasmuigh den Aontas, i.e. chuig tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach nó as na tíortha sin[3].

**04** In 2017-2021, is éard a bhí in iompar trasteorann ainmhithe (ó thaobh líon na n-ainmhithe agus an mheáchain araon) ná 86 % de na gluaiseachtaí laistigh den Aontas, 13.5 % d'onnmhairí lasmuigh den Aontas, agus 0.5 % d'allmhairí ó thíortha nach tíortha den Aontas iad. Rinneadh 1.6 billiún ainmhí beo a iompar idir Ballstáit agus go dtí/ó thíortha nach bhfuil san Aontas (féach ***Fíor 2***).

[3] Eurostat, Staitisticí mínithe.

## Fíor 2 – Comhdhéanamh iompair ainmhithe beo idir Ballstáit agus chuig tíortha nach bhfuil san Aontas in 2017-2021




*Nóta:* Ní áirítear sonraí maidir le hiompar intíre in Comext.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Comext.

**05** Is féidir ainmhithe a iompar de bhóthar, de mhuir, d'aer, agus d'iarnród. Is cuma cén modh iompair a úsáidtear, cuireann an t-iompar strus ar ainmhithe agus dá bhrí sin d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar a leas[4]. Tá an baol ann go mbeidh strus ar ainmhithe agus iad á lódáil agus á ndílódáil agus le linn iompair, d'fhéadfaidís fulaingt ó ocras, tart, teas, easpa spáis agus easpa scíthe[5]. Braitheann leas ainmhithe ar fhad an aistir, ar an achar a thógann an t-aistear agus ar na dálaí a bhaineann leis (e.g. an méid spáis atá ann dóibh, dálaí micrea-aeráide agus an bhail atá ar bhóithre, agus an méid trua atá ag tiománaithe dóibh)[6].

**06** Le blianta beaga anuas, tá saoránaigh an Aontais ag éirí níos buartha faoi leas ainmhithe, agus tá aird tarraingthe ag eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) ar na drochdhálaí is féidir leis na hainmhithe cur suas leo le linn iompair[7]. Ní hamháin go bhfuil an méid sin tar éis ceisteanna a ardú faoi éifeachtacht rialacha an Aontais ach tá ceisteanna ardaithe freisin faoin réasúnú atá le hainmhithe beo a bheith á n-iompar thar tréimhsí fada ama nó ar aistir fhada.

**07** In 2019, chuir an Chomhairle[8] béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar leas na n-ainmhithe a iompraítear thar achair fhada agus mhol sí don Choimisiún athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar reachtaíocht reatha an Aontais maidir le hiompar ainmhithe. D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht[9] (***Bosca 1***).

---

4 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), Leas eallaigh le linn a n-iompair (2022), lch. 16.

5 An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais (IPOL) i bParlaimint na hEorpa, Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021), lch. 7; EFSA, Leas eallaigh le linn iompair (2022), lch. 5.

6 EFSA, Leas eallaigh le linn iompair (2022), lch. 91.

7 An Grúpa Eorpach d'Ainmhithe (EFA), Iompar ainmhithe beo (2021); Animals' Angels, An miotas a ghabhann le forfheidhmiú (2016).

8 An Chomhairle, Conclúidí maidir le leas ainmhithe (2019), mír (7).

9 Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair (2012), mír 23; Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle (2019), mír 68.

## Bosca 1

### Fiosrúchán Pharlaimint na hEorpa maidir le cosaint ainmhithe le linn a n-iompair

I mí an Mheithimh 2020, chuir Parlaimint na hEorpa coiste fiosrúcháin ar bun maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar (ANIT) chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe i gcur i bhfeidhm rialacha AE maidir le hiompar ainmhithe.

I mí na Nollag 2021, thíolaic an Coiste a thuarascáil inár thángthas ar an gconclúid nár cuireadh riachtanais éagsúla na n-ainmhithe san áireamh go hiomlán i bhforálacha reachtaíochta an Aontais sa réimse seo, agus nár chomhlíon na Ballstáit forálacha reachtaíochta an Aontais i gcónaí[10].

I mí Eanáir 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa moladh deiridh, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go ndéantar leas ainmhithe a urramú le linn iompair, agus chun rialacha an Aontais a thabhairt cothrom le dáta. Go háirithe, d'iarr an Pharlaimint go gcuirfí srianta le hamanna aistir, agus go ndéanfaí seiceálacha maidir le honnmhairiú ainmhithe beo chuig tíortha nach bhfuil san Aontas agus go dtabharfaí tús áite d'iompar feola seachas iompar ainmhithe beo.

*Foinse:* Leathanach gréasáin Choiste ANIT.

**08** I mí na Bealtaine 2020, thíolaic an Coimisiún a Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', inar gheall sé athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht reatha an Aontais maidir le leas ainmhithe, lena n-áirítear rialacha maidir le hiompar ainmhithe, chun (i) an reachtaíocht a ailíniú leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí, (ii) a raon feidhme a leathnú, (iii) é a dhéanamh níos éasca í a fhorfheidhmiú, agus (iv) leibhéal níos airde leasa ainmhithe a áirithiú ar deireadh. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún reachtaíocht athbhreithnithe maidir le leas ainmhithe a mholadh faoi dheireadh 2023[11].

---

10 Parlaimint na hEorpa, Tuarascáil ar an imscrúdú ar sháruithe agus drochriarachán líomhnaithe i bhfeidhmiú dhlí an Aontais maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de (2021).

11 Leathanach gréasáin an Choimisiúin maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe.

**09** Is ar an gCoimisiún atá an fhreagracht as reachtaíocht an Aontais a mholadh agus as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta sin ag na Ballstáit. Déanann sé rialuithe sna Ballstáit agus fíoraíonn sé go ndéantar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go cuí. Féadann sé caingean dlí a thionscnamh i gcoinne na mBallstát sin freisin nach ndéanann reachtaíocht an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme i gceart[12].

**10** Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear cigireachtaí oifigiúla a dhéanamh, agus as bearta forfheidhmiúcháin iomchuí a dhéanamh[13]. Leagann na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis is infheidhme i gcás sáruithe ar neamhchomhlíonadh agus aon bhearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go gcuirtear na rialacha i bhfeidhm[14]. Cuireann na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le torthaí a gcigireachtaí ar bhonn bliantúil[15].

**11** Is é an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), gníomhaireacht de chuid an Aontais a cuireadh ar bun in 2002, a chuireann comhairle eolaíoch ar fáil maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an mbiashlabhra, ón bhfeirm go dtí an forc, lena n-áirítear leas ainmhithe le linn iompair.

**12** Tacaíonn an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais (IPOL) i bParlaimint na hEorpa le Parlaimint na hEorpa i ndáil lena cumhachtaí rialaithe a fheidhmiú agus a fhorbairt i réimse na mbeartas inmheánach, lena n-áirítear iompar ainmhithe.

---

[12] CIE, Tuarascáil speisialta 31/2018: 'Leas ainmhithe san Aontas – An bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh', Fíor 2.

[13] CIE, Tuarascáil speisialta 31/2018: 'Leas ainmhithe san Aontas – An bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh', Fíor 2.

[14] Airteagal 25 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

[15] Airteagal 27(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

# Scóip agus cur chuige an athbhreithnithe

**13** Tugann ár n-athbhreithniú tuairisc ar na príomhthosca atá ann d'iompar ainmhithe beo, ag díriú isteach ar an ról atá ag beartais agus tosca eacnamaíocha an Aontais, agus léiríonn sé na treochtaí in iompar ainmhithe. San athbhreithniú seo, ba cheart an téarma 'ainmhithe beo' a thuiscint mar na hainmhithe talún seo a leanas, eadhon: eallach, muca, éanlaith chlóis, caoirigh, gabhair agus capaill (bíodh sé le haghaidh táirgeadh feola, pórú nó comórtais). Eisiatar ainmhithe peataí, saotharlainne, zúnna agus sorcais ó scóip an athbhreithnithe seo.

**14** Ní tuarascáil iniúchóireachta é seo; is athbhreithniú é atá bunaithe go príomha ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, ar ábhar a bailíodh go sonrach don athbhreithniú seo agus ar ár dtuarascáil in 2018 maidir le leas ainmhithe[16]. Rinneamar athbhreithniú ar reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta, lipéadú agus rialacha sláinteachais. Rinneamar scrúdú ar fhoilseacháin atá ábhartha d'ábhar an athbhreithnithe atá foilsithe ag Parlaimint na hEorpa, ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit, ag Uasfhorais Iniúchóireachta, ag institiúidí acadúla, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag comhlachais ghairmiúla (***Iarscríbhinn I***). Maidir lenár n-anailís ar na tosca a bhfuil tionchar acu ar iompar ainmhithe, díríonn sí isteach ar na cúiseanna a aistrítear beostoc laistigh den Aontas agus chuig tíortha nach bhfuil san Aontas.

**15** Rinneamar anailís ar shonraí ó bhunachair sonraí TRACES agus Comext de chuid an Aontais, agus tacair sonraí eile ó Eurostat. Bhaineamar úsáid as sonraí ó thréimhse 2017-2021 den chuid is mó. Ós rud é nach bhfuil aon sonraí ar fáil go poiblí maidir le hiompar intíre, ní chlúdaítear an ghné sin inár n-anailís sonraí: ní dhéanann siad tagairt ach amháin d'iompar ó thír go tír laistigh nó lasmuigh den Aontas, de réir mar a shonraítear i ngach aon fhíor.

[16] CIE, Tuarascáil speisialta 31/2018: 'Leas ainmhithe san Aontas – An bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh'

**16** Chuireamar oifigigh sa Choimisiún faoi agallamh, chuamar i gcomhairle le cumainn ghairmiúla sna hearnálacha feirmeoireachta agus táirgthe feola agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha i réimse na cosanta ainmhithe; bhaineamar úsáid as ionchur ó shaineolaithe acadúla chun tacú lenár n-anailís ar an tionchar a bhíonn ag tosca eacnamaíocha ar iompar ainmhithe. Chun rannchuidiú lenár dtuiscint ar na saincheisteanna atá i gceist, ghlacamar páirt i gcuairt faisnéise chun na Polainne chun bualadh le húdaráis náisiúnta agus thugamar cuairt ar shaoráidí atá bainteach le hiompar ainmhithe (i.e. seamlas agus ionad rialaithe ina dtugtar sos d’ainmhithe ar aistir fhada).

**17** Tríd an athbhreithniú seo a fhoilsiú ag tús 2023, tugtar deis chun cur leis an díospóireacht atá ar siúl faoi láthair maidir le hiompar ainmhithe in am don athbhreithniú atá ar na bacáin ag an gCoimisiún ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe.

# Tosca atá ann d'iompar ainmhithe

**18** Is féidir le roinnt tosca tionchar a bheith acu ar iompar beostoic laistigh den Aontas agus chuig tíortha nach bhfuil san Aontas[17]. Chun críche an athbhreithnithe seo, táimid tar éis iad a aicmiú in dhá chatagóir idirnasctha:

- rialáil;
- eacnamaíoch.

## Tosca rialála

**19** Áirítear le reachtaíocht, beartais agus tionscnaimh AE atá i bhfeidhm faoi láthair agus a dhéanann difear díreach nó indíreach d'iompar ainmhithe:

- **Reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar ainmhithe**: is é sin bonnlíne an Aontais nach mór do na Ballstáit a urramú chun leas ainmhithe a áirithiú le linn iompair.
- **An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)**: trína rialacha agus a dhreasachtaí, is féidir le CBT tionchar a bheith aige ar an gcaoi a dtograíonn feirmeoirí aonair a gcuid talún, barr agus beostoic a bhainistiú.
- **Beartais lipéadaithe an Aontais**: bunaithe ar cheanglais éigeantacha nó dheonacha, cuidíonn lipéadú le tomhaltóirí rogha eolasach a dhéanamh nuair a bhíonn bia á cheannach acu. Is féidir le tásca éagsúla a bheith ar fheoil a dhíoltar san Aontas, amhail lipéadú tionscnaimh agus lipéadú i gcomhair leas ainmhithe.
- **Córas na dtásc geografach** agus **Córas na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht**: cosnaítear leis na scéimeanna cáilíochta sin de chuid an Aontais ainmneacha táirgí sonracha chun a saintréithe uathúla a chur chun cinn, ar saintréithe iad atá nasctha lena dtionscnamh geografach nó fios gnó traidisiúnta. Tá lipéadú ina léirítear siombailí an Aontais éigeantach.
- **Comhaontú Glas don Eoraip**: is é is aidhm don straitéis seo, a tugadh isteach in 2019, ná deireadh a chur le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050 agus aistriú chuig córas bia inbhuanaithe.

---

[17] IPOL, Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021), roinn 2.

- **Ón bhFeirm go dtí an Forc**: is é is aidhm don straitéis seo, a tugadh isteach in 2020, ná dlús a chur leis an aistriú ar feadh shlabhra an tsoláthair bia.


- **Pacáiste Sláinteachais an Aontais**: glacadh in 2004 é, agus chruthaigh sé creat rialála sláinteachais amháin a bhí infheidhme i leith na n-earraí bia agus na n-oibreoirí bia go léir, ag clúdach gach céim den slabhra soláthair bia, lena n-áirítear seamlais.

- **An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe**: infheidhme ó mhí Aibreáin 2021, rialaítear leis an reachtaíocht seo inrianaitheacht ainmhithe chun galair thógálacha a bhíonn ar ainmhithe a chosc.

## Níl reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar ainmhithe á forfheidhmiú go cothrom ar fud na mBallstát

**20** Thug an tAontas reachtaíocht maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair isteach den chéad uair breis agus 40 bliain ó shin. Léirítear na príomhfhorbairtí i ***bhFíor 3***. Sa reachtaíocht atá ann faoi láthair (an Rialachán Iompair), sainítear freagrachtaí na bpáirtithe éagsúla sa slabhra iompair, agus rialaítear iompar ainmhithe veirteabracha beo laistigh den Aontas, lena n-áirítear seiceálacha ar ainmhithe nuair a thugtar isteach san Aontas iad nó a thugtar amach as iad[18].

### Fíor 3 — Príomhreachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe le linn iompair




*Foinse:* CIE.

[18] CIE, Páipéar cúlra: Leas ainmhithe san Aontas (2018), lch. 6.

**21** De réir aiseolas na bhfreagróirí ó chomhairliúchán poiblí a sheol an Coimisiún in 2021, tá trádáil éascaithe ag rialacha an Aontais maidir le leas ainmhithe, lena n-áirítear an Rialachán Iompair, agus tá iomaíocht feabhsaithe san Eoraip ag na rialacha sin, trí dheireadh a chur le bacainní ar ainmhithe beo a thrádáil sa mhargadh aonair[19]. Deimhníodh é seo freisin le meastóireacht 2010 ón gCoimisiún ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe[20].

**22** Bhraith an Coimisiún laigí, áfach, i gcur chun feidhme an Rialacháin Iompair, go háirithe sna rialuithe oifigiúla a dhéanann na Ballstáit d'aistir chuig tíortha nach bhfuil san Aontas agus maidir le hiompar ainmhithe a bhfuil drochbhail orthu[21]. In 2020, rinne na Ballstáit breis agus 900 000 rialú oifigiúil agus chuir siad beagnach 8 000 smachtbhanna i bhfeidhm. Ba iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna:

- oiriúnacht ainmhithe (le haghaidh eallaigh agus muc);
- cleachtais iompair (éanlaith chlóis);
- fadhbanna le doiciméadacht iompair (do chaoirigh, gabhair, capaill agus asail[22]).

**23** Ós rud é go bhfuil leagan síos na bpionós agus cur i bhfeidhm na bpionós tarmligthe do na Ballstáit, tá difríochtaí suntasacha ina nósanna imeachta riaracháin agus smachtbhannaí, na cineálacha smachtbhannaí a fhorchuirtear i gcás neamhchomhlíonta agus a thromchúisí atá siad[23]. Mar a fuair taighdeoirí amach, d'fhéadfadh sé go roghnódh cuideachtaí iompair aistear níos faide chun go seachnóidís

---

[19] An Coimisiún, Tuarascáil achomair fhíorasach ar an gcomhairliúchán poiblí ar líne chun tacú leis an tseiceáil oiriúnachta agus leis an athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 3.

[20] An Coimisiún, Seiceáil Oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 25.

[21] An Coimisiún, Tuarascáil forléargais maidir le córais a chuirfidh stop le hiompar ainmhithe a bhfuil drochbhail orthu san Aontas (2015); An Coimisiún, Leas na n-ainmhithe a onnmhairítear de bhóthar (2020); An Coimisiún, Leas na n-ainmhithe a iompraítear ar muir (2020).

[22] An Coimisiún, Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún a ghabhann leis an Tuarascáil ar fheidhmiú foriomlán rialuithe oifigiúla arna ndéanamh sna Ballstáit (2019-2020) chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (2022), lch 28-31.

[23] EPRS, Cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar: Smachtbhannaí le haghaidh sáruithe (2021), lch. 4;

Ballstáit a bhfuil rialacha áitiúla níos doichte acu nó a bhfuil an Rialachán Iompar á chur i bhfeidhm ar bhealach níos déine acu[24]. Ina thuarascáil in 2011 ar thionchar an Rialacháin Iompair, d'aithin an Coimisiún go raibh gá leis na rialacha a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhchuibhithe in earnáil an iompair[25].

## Tá an Comhbheartas Talmhaíochta dírithe ar ghnéithe seachas leas ainmhithe le linn iompair

**24** Bunaíodh an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) in 1962. Ionas go mbainfidh sé a chuspóir amach maidir le soláthairtí cobhsaí bia inacmhainne a áirithiú, tugadh spreagadh, i dtosach, d'fheirmeoirí bia a tháirgeadh trí phraghsanna a ráthú i gcás na bpríomhtháirgí talmhaíochta (amhail mairteoil) agus i gcás ioncam feirmeoirí[26]. D'athraigh sé sin earnáil thraidisiúnta an bheostoic, as ar eascair speisialtóireacht agus comhchruinniú na hearnála sin, rud, dá réir sin, a rinne difear d'iompar ainmhithe beo[27].

**25** Tar éis an chéad mhór-athchóiriú a dhéanamh in 1992, laghdaigh CBT an tacaíocht do phraghsanna de réir a chéile agus thug sé isteach íocaíochtaí díreacha a bhí nasctha le réimse an táirgthe agus le hainmhithe áirithe (eallach agus caoirigh)[28]. Ó 2003 ar aghaidh, bhris athchóirithe ina dhiaidh sin an nasc idir íocaíochtaí díreacha agus an cineál agus an méid táirgí a bhí á dtáirgeadh ag feirmeoirí. Ag an am céanna, leis na hathchóirithe sin tugadh isteach rialacha níos déine maidir leis an gcomhshaol agus leas ainmhithe chun go bhfaigheadh feirmeoirí íocaíochtaí[29]. Níl aon athruithe suntasacha tugtha isteach ag an CBT nua, a tháinig i bhfeidhm in 2023, a dhéanfadh difear d'iompar ainmhithe ó thaobh méideanna nó dálaí leasa.

---

[24] Van Wagenberg, Baltussen, Cúiseanna socheacnamaíocha le hiompar ainmhithe ar aistir fhada thrasteorann san Aontas (2021).

[25] An Coimisiún, Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le tionchar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair (2011), lch. 12.

[26] An Coimisiún, Todhchaí earnáil an bheostoic (2020), lch. 38.

[27] An Coimisiún, Todhchaí earnáil an bheostoic (2020), lch. 36.

[28] An Coimisiún, CBT mínithe (2017).

[29] An Coimisiún, CBT mínithe (2017).

**26** Tá an chuid is mó de thacaíocht CBT a dheonaítear nasctha le dhá shraith de choinníollacha bonnlíne a bheith comhlíonta:

- Dea-Dhálaí Talmhaíochta agus Comhshaoil (DDTC), nach gclúdaíonn leas ainmhithe;
- Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta (CRBanna), a thagraíonn do cheanglais rialála lasmuigh de CBT[30]. Áirítear leo sin treoracha an Aontais[31] maidir le leas ainmhithe, ach ní áirítear an Rialachán Iompair leo.

**27** Maoiníonn an Comhbheartas Talmhaíochta bearta leasa ainmhithe i gcláir forbartha tuaithe na mBallstát, a bhíonn ag díriú isteach ar dhálaí ar an bhfeirm seachas ar dhálaí le linn iompair. Sa bhreis ar idirghabhálacha forbartha tuaithe ó 2023 ar aghaidh, cuireann CBT íocaíochtaí díreacha ar fáil i bhfoirm 'éiciscéimeanna' don aeráid, don chomhshaol agus do leas ainmhithe, a chlúdaíonn gealltanais a théann thar íoscheanglais an Aontais nó íoscheanglais náisiúnta[32]. Tá bileog eolais foilsithe ag an gCoimisiún ina liostaítear na cleachtais talmhaíochta a d'fhéadfadh tacú le héiciscéimeanna ach ní chlúdaíonn siad oibríochtaí a bhaineann le hiompar[33].

**28** Le bearta forbartha tuaithe, maoinítear freisin infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha, i scéimeanna cáilíochta agus san fheirmeoireacht orgánach, rud a d'fhéadfadh caighdeáin níos airde leasa ainmhithe a spreagadh[34]. Mar shampla, sa Pholainn, mhaoinigh CBT 'Clár cáilíochta feola do mhairteoil', lenar áiríodh ceanglais leasa ainmhithe maidir le háit istigh do bheithígh, úsáid antaibheathaigh, chomh maith

---

[30] An Coimisiún, Staidéar maidir le bearta agus ionstraimí CBT lena gcuirtear leas ainmhithe chun cinn agus maidir le laghdú ar an úsáid a bhaintear as frithmhiocróbaigh (2022), lch. 7.

[31] Treoir 2008/119/CE lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint; Treoir 2008/120/CE lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint; Treoir 98/58/CE maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críocha feirmeoireachta.

[32] Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115.

[33] An Coimisiún, Liosta de na cleachtais talmhaíochta féideartha a bhféadfadh éiciscéimeanna tacú leo (2021).

[34] An Coimisiún, Staidéar maidir le bearta agus ionstraimí CBT lena gcuirtear leas ainmhithe chun cinn agus maidir le laghdú ar an úsáid a bhaintear as frithmhiocróbaigh (2022), lgh. 7-10, 48-50.

le dálaí in iompar agus marú na n-ainmhithe[35]. Faoi CBT is féidir maoiniú a fháil do roghanna eile seachas iompar ainmhithe: i Málta, thug CBT tacaíocht do sheamlas beag atá nasctha le feirm coiníní, agus sa Laitvia thug sé tacaíocht do sheamlas soghluaiste le haghaidh úsáid choiteann.

## Níl aon chomhchaighdeán lipéadaithe feola ann

**29** Tá an tásc maidir le tír thionscnaimh – **lipéadú tionscnaimh** – éigeantach ar leibhéal an Aontais i gcás mairteola ó 2000[36], agus i gcás muiceola, éanlaith chlóis, caorach agus gabhar ó 2015[37]. Níl aon cheanglais éigeantacha ann maidir le feoil eile, amhail feoil capaill agus feoil coinín. Mar chuid dá Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', tá an Coimisiún ag smaoineamh ar na ceanglais éigeantacha maidir le tionscnamh a leathnú chuig táirgí bia eile[38].

[35] An Coimisiún, Staidéar maidir le bearta agus ionstraimí CBT lena gcuirtear leas ainmhithe chun cinn agus maidir le laghdú ar an úsáid a bhaintear as frithmhiocróbaigh (2022), lgh. 53 agus 69.

[36] Airteagal 25 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000.

[37] Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1337/2013.

[38] An Coimisiún, Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' (2020), lch. 13.

**30** Ceanglaítear le creat dlithiúil reatha an Aontais go gcuirtear faisnéis shonrach ar fáil maidir le tionscnamh, ag brath ar an gcineál feola (*Tábla 1*).

### Tábla 1 – Faisnéis maidir le lipéadú tionscnaimh

| Cineál feola | Ceanglais lipéadaithe |
|---|---|
| Mairteoil | Oibleagáid áiteanna breithe, tógála agus maraithe a chur in iúl |
| Muiceoil, éanlaith chlóis, caoirigh agus feoil gabhair | Gan aon oibleagáid áit bhreithe a chur in iúl.<br>Oibleagáid áiteanna tógála agus maraithe a chur in iúl ach:<br>o leis an sainmhíniú ar thógáil, is féidir leis an ainmhí tréimhse ghearr ama a chaitheamh i dtír seachas an tír atá léirithe mar an tír thógála ar an lipéad;<br>o is féidir an tásc 'Áit tionscnaimh' a chur in ionad tásca faoin áit tógála agus faoin láthair mharaithe má tá an t-oibreoir gnó bia in ann a chruthú go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a rugadh, a tógadh agus a maraíodh in aon tír amháin. |

*Foinse:* CIE.

**31** De réir suirbhé ar thomhaltóirí a sheol an Coimisiún in 2020, is beag tuiscint atá ag tomhaltóirí ar na téarmaí 'tógtha in' agus 'áit tionscnaimh'. Is é an tuiscint atá ag an gcuid is mó dóibh ar 'tógtha in' ná an tír ina raibh a shaol ar fad caite ag an ainmhí, nó an áit ar rugadh é[39].

**32** Úsáidtear cineálacha eile lipéad i **gcóras an Aontais um thásc geografach** (mír *19*), lena n-ainmnítear táirge a bhfuil a cháilíocht nó a chlú nasctha lena thionscnamh geografach. Is féidir le táirgí a bhaineann le hainmhithe úsáid a bhaint as an dá chóras lipéid seo a leanas: sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint (*Tábla 2*).

---

[39] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar an tásc éigeantach den tír tionscnaimh nó den bhunáitíocht i gcás feoil úr, fuaraithe agus reoite ó mhucra, ó chaoirigh, ó ghabhair agus ó éanlaith chlóis, (2021), lch. 13; An Coimisiún, Tuarascáil ina ndéantar meastóireacht ar an tásc éigeantach den tír thionscnaimh nó den bhunáitíocht i gcás feoil úr, fuaraithe agus reoite ó mhucra, ó chaoirigh agus ó éanlaith chlóis (2021), lch. 6.

### Tábla 2 – Srianta ar an trédhearcacht ar lipéid de thásc geografach AE

| Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint | Tásc geografach faoi chosaint |
|---|---|
| Ní mór gach céim den táirgeadh (breith, tógáil agus marú ainmhithe) a dhéanamh sa limistéar geografach atá sainithe | Ní mór céim amháin ar a laghad den táirgeadh a dhéanamh sa limistéar atá sainithe<br><br>D'fhéadfadh sé gur rugadh an t-ainmhí nó d'fhéadfadh sé go marófaí é in áit eile seachas an limistéar geografach atá clúdaithe ag an Tásc Geografach Faoi Chosaint |

*Foinse:* CIE.

**33** Úsáideann an **Córas sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht** (mír *19*) lipéadú speisialta freisin le haghaidh táirgí bia. Leagtar béim ar ghnéithe traidisiúnta, amhail an chaoi a ndéantar an táirge nó comhdhéanamh an táirge, ach gan iad a bheith nasctha le limistéar geografach sonrach. Déanann an scéim cáilíochta an modh táirgthe a chosaint, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh an táirge á tháirgeadh in áit éigin eile.

**34** Faoi láthair, tá **córas lipéadaithe éigeantach uile-Aontais amháin ann do leas ainmhithe** (mír *19*), agus tá feidhm aige maidir le huibheacha boird. Braitheann marcáil uibheacha ar an gcóras a úsáidtear chun béaróga a thógáil. Sainítear téarmaí roghnacha áirithe sna caighdeáin mhargaíochta maidir le héineoil, lena n-áirítear tagairtí do chineálacha éagsúla feirmeoireachta freisin[40].

**35** In éagmais rialacha sonracha eile de chuid an Aontais, tá táirgí a bhaineann le leas ainmhithe faoi réir deimhniú deonach ar an leibhéal náisiúnta[41]. Mar thoradh air sin, tá scéimeanna lipéadaithe náisiúnta éagsúla tagtha chun cinn. Tá cuir chuige éagsúla acu, cuirtear leibhéil éagsúla cosanta do leas ainmhithe ar fáil, agus is féidir leo mearbhall a chur ar thomhaltóirí[42]. Mar chuid dá Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', d'fhógair an

---

[40] EPRS, Leas ainmhithe ar an bhfeirm – meastóireacht *ex post* ar reachtaíocht AE: Ionchais maidir le lipéadú i gcomhair leas ainmhithe ar leibhéal an Aontais (2021), lch. 73.

[41] Airteagail 36 agus 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011; Teachtaireacht ón gCoimisiún, Treoirlínte dea-chleachtais an Aontais maidir leis na scéimeanna deonacha do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia (2010).

[42] An Coimisiún, Measúnú ar Thionchar Tionscanta maidir le leas ainmhithe (2021), lch. 2.

Coimisiún go mbreithneodh sé roghanna le haghaidh lipéadú a bheith ann i gcomhair leas ainmhithe[43].

**36** De réir staidéar ó 2022[44], bhraith dhá thrian de thomhaltóirí nár leor an fhaisnéis a bhí ar fáil dóibh chun roghanna ceannaigh eolasacha a dhéanamh bunaithe ar leas ainmhithe. Ba mhaith le beagnach a leath níos mó eolais a fháil ar choinníollacha maraithe (40 %) agus ar bheathú leormhaith (40 %). Is lú suim a bhí ag freagróirí san achar a mhair an t-iompar (16 %) agus sna coinníollacha iompair (16 %).

## I straitéisí de chuid an Aontais a rinneadh le déanaí, moltar córas bia níos inbhuanaithe

**37** Tá costais shuntasacha chomhshaoil ag baint le hiompar ainmhithe[45]. Rinne staidéir shonracha comparáid idir an tionchar a bhaineann le feoil agus conablaigh a iompar agus an tionchar a bhaineann le hiompar ainmhithe beo. Léirigh na staidéir sin go bhfuil an chéad cheann níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an athraithe aeráide de[46].

**38** Leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', cuirtear an t-aistriú i dtreo córas bia níos inbhuanaithe chun cinn. Moltar sa Chomhaontú Glas gur cheart do phraghas an iompair a thionchar ar an gcomhshaol a léiriú. D'fhéadfadh ról díreach a bheith ag tionscnaimh airgeadais atá dea-cheaptha tríd an gcomhartha praghais ceart a thabhairt agus na dreasachtaí cearta a chur ar fáil chun iompraíocht inbhuanaithe a spreagadh ag táirgeoirí, úsáideoirí agus tomhaltóirí[47]. De réir an Choimisiúin, ní féidir aistriú den sórt sin a bheartú gan athruithe struchtúracha a dhéanamh ar an slabhra soláthair agus ar phatrúin tomhaltais bia[48].

---

[43] An Coimisiún, Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' (2020), lch. 8.

[44] An Coimisiún, Staidéar ar lipéadú i gcomhair leas ainmhithe (2022), lch. 18-21.

[45] Baltussen et al., Iompar ainmhithe beo i gcomparáid le feoil (2017), lch. 7; An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 49.

[46] Baltussen et al., Iompar ainmhithe beo i gcomparáid le hiompar feola (2017), lgh. 13 agus 15; Baltussen et al., Táirgeadh inbhuanaithe: ainmhithe nó feoil a iompar? (2009), lgh. 7 agus 10.

[47] An Coimisiún, Comhaontú Glas don Eoraip (2019), lch. 17.

[48] An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 49.

## Tosca eacnamaíocha

**39** Cé go bhfuil tionchar ag roinnt tosca (e.g. dálaí táirgthe nádúrtha) ar iompar ainmhithe beo, tá tosca eacnamaíocha ina ngné lárnach don iompar ainmhithe. I gcomhthéacs mhargadh aonair an Aontais, baineann oibreoirí leas as difríochtaí i gcostais táirgthe agus mharaithe idir na Ballstáit chun costais a laghdú agus ioncaim a uasmhéadú[49]. Shainaithníomar cúig phríomhthoisc eacnamaíocha chun iompar ainmhithe beo a spreagadh:

- speisialtóireacht in earnáil an bheostoic;
- comhchruinniú in earnáil maraithe na n-ainmhithe;
- difríochtaí i gcostais táirgthe agus mharaithe ainmhithe idir Ballstáit;
- an méid corrlaigh atá sna costais iompair; agus
- roghanna tomhaltóirí.

### Speisialtóireacht in earnáil an bheostoic

**40** Le breis agus 70 bliain anuas, tá earnáil an bheostoic ag gabháil do phróiseas nuachóirithe agus diansaothraithe arb é is aidhm dó ná táirgeadh in aghaidh an ainmhí a uasmhéadú agus costais a laghdú[50]. Tá roinnt críoch de chuid an Aontais tar éis a bheith an-speisialaithe i ndiantáirgeadh ainmhithe, críocha eile i dtáirgeadh barr. Tharla an speisialtóireacht sin mar gheall ar dhálaí táirgthe nádúrtha (e.g. tá comhchruinniú níos airde de tháirgeadh bainne agus laonna déiríochta ag limistéir féaraigh). Idir 2005 agus 2016, tháinig laghdú 28.6 % ar líon iomlán na ngabháltas talmhaíochta, agus laghdú 37.6 % ar na cinn sin a bhíonn ag déileáil le beostoc[51]. Cé gur tháinig laghdú ar líon foriomlán na ngabháltas talmhaíochta, tháinig méadú ar mhéid na ngabháltas atá fós ag gabháil don fheirmeoireacht bheostoic.

---


[49] An Coimisiún, Seiceáil Oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 15.

[50] An Coimisiún, Todhchaí earnáil an bheostoic (2020), lch. 36.

[51] Eurostat, Táscaire Agra-chomhshaoil: patrúin bheostoic.

**41** Cé go raibh líon an eallaigh, na muc, na gcaorach agus na ngabhar in AE-27 measartha cobhsaí ó 2010 go 2020, mhéadaigh líon na héanlaithe clóis. Níl an fheirmeoireacht bheostoic dáilte go cothrom ar fud an Aontais (***Fíor 4***) agus tá difríochtaí freisin i ndlús an táirgthe beostoic idir réigiúin laistigh de Bhallstáit aonair.


## Fíor 4 – Dáileadh beostoic i measc na mBallstát (2016 d'éanlaith chlóis; 2021 do mhuca, eallach, caoirigh agus gabhair)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó Eurostat.

**42** Déantar speisialtóireacht ar an leibhéal réigiúnach, ach ar leibhéal na feirme freisin, le feirmeacha ag speisialú in aon speiceas amháin e.g. éanlaith chlóis (feoil nó uibheacha), muca, laonna nó ba bhainne, nó déantar speisialtóireacht i gcéim amháin den táirgeadh e.g. pórú nó ramhrú. Léirítear i ***bhFíor 5*** sampla in earnáil na héanlaithe clóis.

### Fíor 5 — Speisialtóireacht in earnáil na héanlaithe clóis




*Foinse:* Van Horne, Iomaíochas earnáil éineola an Aontais Eorpaigh (2018), leathanach 17.

**43** I measc tosca eile, cuireann an speisialtóireacht le hiompar ainmhithe beo idir Ballstáit, mar shampla:

- déantar muca a rugadh sa Danmhairg nó san Ísiltír a ramhrú agus a mharú sa Ghearmáin go minic[52];
- is minic a dhéantar eallach a rugadh sa Fhrainc, in Éirinn nó sa Liotuáin a ramhrú agus a mharú sa Spáinn nó san Iodáil (***Bosca 2***).

[52] Bittlmayer, Saintréithe Áitiúla Tháirgeadh na Muc sa Ghearmáin agus sa Bhaváir (2019).

**Bosca 2**

**Bíonn táirgeadh laofheola agus mairteola san Iodáil agus sa Spáinn ag brath ar laonna ó Bhallstáit eile**

Táirgeann an Iodáil laofheoil agus táirgeann an Spáinn mairteoil. Bíonn an dá thír ag brath ar eallach de thionscnamh náisiúnta den chuid is mó, ach déanann siad laonna a allmhairiú ó Bhallstáit eile chun déileáil leis na nithe seo a leanas:

- **éileamh séasúrach**: Allmhairíonn an Iodáil eallach ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh chun cúiteamh a dhéanamh ar sholáthar neamhleor ó fhoinsí náisiúnta i rith na tréimhse sin, agus chun soláthairtí laofheola a áirithiú nuair is airde an t-éileamh náisiúnta i mí na Nollag go mí Eanáir;
- **éileamh onnmhairithe**: Bíonn an Spáinn (an Chatalóin agus an Aragon) ag brath ar allmhairí laonna chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar eallach atá le honnmhairiú go dtí an Meánoirthear lena marú.

*Foinse:* An Coimisiún, Staidéar ar bhogadh ó laonna diúil déiríochta a iompar thar achar fada go dtí tógáil agus ramhrú áitiúil (2022), lch. 25-29.


## Comhchruinniú méadaithe in earnáil maraithe na n-ainmhithe

**44** Níl aon sonraí uileghabhálacha ann maidir leis an líon seamlas san Aontas, ach tá próiseas comhdhlúthaithe déanta ar an earnáil, le treocht i dtreo líon níos lú seamlas ach iad a bheith níos mó[53]. Léirítear i ***bhFíor 6*** an treocht sa Pholainn ó 2010 i leith. Le teacht i bhfeidhm Phacáiste Sláinteachais an Aontais (mír ***19***) in 2006, cuireadh dlús leis an treocht sin. Bhí sé deacair do go leor de na seamlais bheaga cloí leis na ceanglais sláinteachais níos déine faoin reachtaíocht nua agus tá sé deacair acu fós fanacht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de[54].

[53] EFA, Straitéis chun iompar ainmhithe beo a laghdú agus rud éigin eile a chur ina ionad (2019), lch. 18.

[54] IPOL, Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021), lch. 11.

## Fíor 6 – Líon na seamlas sa Pholainn (2010-2022)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí a chuir údaráis na Polainne ar fáil.

**45** Tá sé níos éasca do sheamlais níos mó na rialacha sláinteachais níos déine a chomhlíonadh. Ós rud é go n-oibríonn siad go ginearálta ar chorrlaigh ísealbhrabúis áfach, ní mór dóibh táirgiúlacht ard a choinneáil chun barainneachtaí scála a bhaint amach, rud a éilíonn líon leordhóthanach ainmhithe ó limistéar geografach níos leithne. Bíonn an claonadh iontu freisin speisialtóireacht a dhéanamh go háirithe i gcineálacha ainmhí ar leith, e.g. muca, cránacha, laonna laofheola, tairbh, éanlaith chlóis nó uain. Chuir na saincheisteanna sin go léir leis an laghdú ar líon na seamlas agus tháinig méadú ar iompar thar achar fada agus d'fhéadfadh méadú teacht ar iompar trasteorann ainmhithe beo lena marú, go háirithe i gcás ainmhithe de chatagóirí beaga ó thaobh a lín de, amhail turcaithe nó ainmhithe atá ag deireadh a saolré táirgthe (e.g. béaróga)[55].

[55] EFA, Straitéis chun iompar ainmhithe beo a laghdú agus rud éigin eile a chur ina ionad (2019), lch. 18; Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig trí tíortha (2021), lch. 11.


**46** Tá measúnú déanta ag dhá staidéar[56] ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hiompar ainmhithe beo thar achar fada lena marú, i gcomparáid le marú áitiúil agus iompar feola ina dhiaidh sin. Tháinig an dá staidéar ar an gconclúid go bhféadfadh iompar feola seachas iompar ainmhithe beo a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh leas ainmhithe de.

**47** I staidéar 2017, rinneadh meastachán ar na costais a bhain le béaróga ag deireadh a dtréimhse táirgthe a iompar ón Ísiltír go dtí an Pholainn, agus le huain bheo a iompar ón Ungáir go dtí an Iodáil (***Fíor 7***). Sa chéad chás, mar gheall ar chostais maraithe níos airde san Ísiltír ná sa Pholainn, bhí sé níos saoire ainmhithe beo seachas feoil a iompar. Cé go raibh sé níos saoire sa dara cás feoil seachas ainmhithe beo a iompar, rinneadh na huain a iompar ar aon nós de bhrí go raibh tosca eile i réim (e.g. acmhainneacht maraithe teoranta san Ungáir[57]).

[56] Baltussen et al., Táirgeadh inbhuanaithe: ainmhithe nó feoil a iompar? (2009) Baltussen et al., Iompar ainmhithe beo i gcomparáid le hiompar feola (2017).

[57] Baltussen et al., Iompar ainmhithe beo i gcomparáid le hiompar feola (2017), lch. 14.

## Fíor 7 – Costas a bhaineann le hainmhithe beo a iompar i gcomparáid le feoil




*Foinse:* Baltussen et al., Iompar ainmhithe beo i gcomparáid le hiompar feola (2017), lgh. 12-14.

**48** Féidearthacht amháin chun iompar ainmhithe a laghdú ná marú na n-ainmhithe a thabhairt níos gaire don láthair táirgthe trí sheamlais áitiúla agus saoráidí maraithe ainmhithe soghluaiste a fhorbairt. Tháinig taighdeoirí ar an gconclúid nach mbeadh gá le muca agus eallach a iompar in aistir de níos mó na ceithre huaire an chloig sa tSualainn dá mbeadh líon leordhóthanach de seamlais shoghluaiste agus de sheamlais ar mhionscála ann[58]. Is réitigh ar mhionscála, áfach, iad seamlais áitiúla agus seamlais shoghluaiste a fhreastalaíonn ar éileamh nideoige agus ar riachtanais shonracha[59]:

[58] Håkansson et al., Feabhas a chur ar leas ainmhithe trí anailís straitéiseach agus barrfheabhsú lóistíochta ar iompar le haghaidh marú ainmhithe (2016), lch. 261.

[59] EFA, Straitéis chun iompar ainmhithe beo a laghdú agus rud éigin eile a chur ina ionad (2019), lgh. 5 agus 27.

- **Seamlais áitiúla**: sa Ghearmáin, tá roinnt seamlas áitiúil speisialaithe i dtáirgí próiseáilte traidisiúnta den scoth, trí úsáid a bhaint as feoil ón réigiún agus slabhra soláthair trédhearcach a chur ar fáil ón bhfeirm go dtí siopa an bhúistéara[60]. Ar an gcaoi chéanna, sa tSualainn, tá caighdeáin rialála dochta maidir le leas ainmhithe agus aird mhéadaithe na dtomhaltóirí ar fheoil inbhuanaithe a fhaightear go háitiúil tar éis infheistíochtaí a spreagadh i dtáirgeadh táirgí den scoth ar mhionscála[61].
- **Seamlais shoghluaiste:** d'fhéadfaidís a bheith ina réiteach comhlántach chun riachtanais shonracha a chomhlíonadh e.g. a chinntiú nach ndéantar ba ré caite a iompar agus drochbhail orthu[62]. Mar sin féin, tá dúshláin roimh seamlais ó thaobh lóistíochta agus brabúsachta de. Bíonn costais arda reatha orthu agus tá a rath ag brath ar dheiseanna chun breisluach a chruthú agus praghsanna arda miondíola a ghearradh ar na táirgí deiridh[63].

**49** I mí Eanáir 2022[64], mhol Parlaimint na hEorpa saoráidí maraithe ainmhithe agus próiseála feola áitiúla a thógáil i níos mó suíomhanna, agus marú ainmhithe ar an bhfeirm a fhorbairt, trí sheamlais shoghluaiste a úsáid, go háirithe i limistéir iargúlta (e.g. réigiúin shléibhtiúla agus oileáin). Mhol sí go maoineofaí na réitigh sin le cistí AE atá ann cheana féin. B'fhearr le grúpa leasa d'fheirmeoirí an Aontais, Copa-Cogeca, go ndeonófaí tacaíocht ón Aontas do sheamlais atá ann cheana féin chun feabhas a chur ar a gcuid saoráidí agus ar a mbainistiú ainmhithe, seachas níos mó seamlas áitiúil a thógáil[65].

---

[60] Eurofound, Oibrithe próiseála feola (2018), lch.3; IPOL Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021), lch. 13.

[61] Eurofound, Oibrithe próiseála feola (2018), lch. 2.

[62] EFA, Straitéis chun iompar ainmhithe beo a laghdú agus rud éigin eile a chur ina ionad (2019), lch. 27; An Coimisiún, Staidéar ar shamhlacha eacnamaíocha chun a chinntiú nach ndéantar ba déiríochta ré caite a iompar agus drochbhail orthu (2022), lch. 157-162.

[63] IPOL, Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021), lch. 12; Hultgren, Iompar ainmhithe beo i gcomhair a maraithe a sheachaint: seamlais shoghluaiste (2022); An Coimisiún, Staidéar ar shamhlacha eacnamaíocha chun a chinntiú nach ndéantar ba déiríochta ré caite a iompar agus drochbhail orthu (2022), lch. 161

[64] Parlaimint na hEorpa, Moladh maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair (2022), míreanna 39, 89, 105.

[65] Seasamh Copa agus Cogeca maidir le leas ainmhithe le linn iompair (2021), lch. 2.

## Tá costais táirgthe agus maraithe ainmhithe éagsúil idir Ballstáit

**50** D'fhéadfadh tionchar a bheith ag difríochtaí i gcostais idir céimeanna táirgthe (e.g. pórú agus méathú) ar iompar ainmhithe. Tá na bainbh réasúnta saor sa Danmhairg agus san Ísiltír, rud a mhíníonn an líon ard díobh a iompraítear go dtí an Ghearmáin ón dá thír sin[66]. Tá sé níos costasaí muca a ramhrú lena marú (méathú) sa Ghearmáin ná mar atá sa Danmhairg, ach tá tionscal na feola sa Ghearmáin níos éifeachtúla mar gheall ar chostais saothair níos ísle[67].

**51** D'fhéadfadh difríochtaí i gcostais mharaithe in aghaidh an ainmhí spreagadh a thabhairt gníomhaíochtaí maraithe ainmhithe a aistriú go dtí Ballstáit atá níos costéifeachtaí. Mar shampla, measadh i staidéar ar earnáil na héanlaithe clóis gurb iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcostas maraithe ainmhithe:

- saothar (35 %);
- foirgnimh agus trealamh (25 %);
- costais eile (40 %), lena n-áirítear iompar, fuinneamh, uisce, cigireacht agus pacáil[68].

**52** Tá na costais san earnáil éanlaithe clóis éagsúil idir Ballstáit. Ós rud é go mbaineann gach seamlas san Aontas úsáid as trealamh den chineál céanna, áfach, glacadh leis sa staidéar gur mar gheall ar dhifríochtaí i bpá den chuid is mó a bhí difríochtaí sna costais maraithe in earnáil na héanlaithe clóis idir tíortha[69]. Go ginearálta, is mó anois atá an tionscal próiseála feola ag fostú imirceach, oibrithe ar chonarthaí sealadacha agus oibrithe sealadacha a earcaítear trí ghníomhaireachtaí seachtracha[70].

---

66 Hoste, Comparáid idirnáisiúnta i gcostais táirgthe muc (2018), lch. 16.

67 Hoste, Comparáid idirnáisiúnta i gcostais táirgthe muc (2018), lch. 16.

68 Van Horne, Iomaíochas earnáil éineola an Aontais Eorpaigh (2018), lch. 22.

69 Van Horne, Iomaíochas earnáil éineola an Aontais Eorpaigh (2018), lch. 22.

70 Eurofound, Oibrithe próiseála feola (2018), lgh. 6 agus 13.

**53** Níl aon bhunachar sonraí ar fáil go poiblí ar fud an Aontais a thugann léargas ar chostais táirgthe ainmhithe nó ar chostais maraithe ainmhithe in aghaidh an Bhallstáit[71].

## Ní léirítear fulaingt ainmhithe i gcostais iompair ná i bpraghsanna feola

**54** Tá staidéir déanta inar ríomhadh costais iompair trí mhodhanna éagsúla a úsáid (in aghaidh na coinsíneachta, in aghaidh an ainmhí, in aghaidh an chiliméadair)[72]. Tá costas iompair beostoic ag brath ar roinnt tosca, amhail an cineál ainmhí agus an fad a taistealaíodh. Seasann costais saothair do chuid shuntasach de na costais iompair, chomh maith le breosla, trealamh, seiceálacha sláinte ainmhithe agus dolaí[73].

**55** Níl aon bhunachar sonraí ann chun léargas ar chostais iompair a thabhairt i mBallstáit aonair an Aontais. In éagmais sonraí comhchuibhithe, níorbh fhéidir linn a dhéanamh amach cá mhéad a bhí na costais iompair ag cur leis an bpraghas feola deiridh a d'íoc an tomhaltóir. Tugann an fhianaise theoranta agus na ráitis ón tionscal le fios, áfach, nach seasann costais iompair ach do chodán beag de phraghas miondíola iomlán na feola go ginearálta. Measadh i staidéar ar éanlaith chlóis go bhfuil costais iompair de dhá cent in aghaidh an chileagraim ar an meán ann i gcás filléid bhrollaigh ó tháirgeoirí an Aontais atá á ndíol sa Ghearmáin, i.e. níos lú ná 1 % de phraghas iomlán na feola[74].

**56** Is beag sonraí a bhí ar fáil againn maidir leis na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le fadhbanna leasa ainmhithe le linn iompair. I staidéar[75] a rinneadh in 2015 rinneadh meastachán ar na costais a bhaineann le créachtaí, bacaíl, bás agus fadhbanna eile a bhíonn ag ainmhithe a iompraítear le linn an phróisis táirgeachta nó lena marú. Cuireann an easpa sonraí cuimsitheacha atá ar fáil d'údaráis na mBallstát agus don

---

[71] An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 7.

[72] Van Wagenberg, Eacnamaíocht an iompair ainmhithe (2019), lch. 6; An Coimisiún, Staidéar ar bhogadh ó laonna diúil déiríochta a iompar thar achar fada go dtí tógáil agus ramhrú áitiúil (2022), lch. 39, An Coimisiún, Leas ainmhithe a onnmhairítear de bhóthar (2020), lch. 5.

[73] Van Wagenberg, Eacnamaíocht an iompair ainmhithe (2019), lch. 6.

[74] Van Horne, Iomaíochas earnáil éineola an Aontais Eorpaigh (2018), lch. 6.

[75] Van Wagenberg et al., Anailís chostais is tairbhe ar scéimeanna príobháideacha deimhniúcháin do leas ainmhithe le linn cianiompar san Aontas Eorpach (2015).

Choimisiún bac ar fhorbairt córas dreasachta a d'fhéadfadh cuideachtaí iompair a spreagadh chun céimeanna le fadhbanna leasa ainmhithe a chosc a dhéanamh.

**57** In Éirinn, meastar gurb é 43 % de chorrlach brabúis na dtáirgeoirí an tionchar airgeadais atá ag diúltú feola i seamlais mar gheall ar chaighdeán íseal i leas ainmhithe (e.g. loit chraiceann nó brúnna ar chosa), agus is bagairt thromchúiseach é sin d'inmharthanacht feirmeacha muc[76]. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le hiompar ainmhithe a bhfuil drochbhail orthu ina chúis le gnóthachan airgeadais do na táirgeoirí (***Bosca 3***).

### Bosca 3

### Samplaí de na cúiseanna a seoltar ainmhithe a bhfuil drochbhail orthu chuig seamlais

Is é is cúis do chinneadh an fheirmeora gan cóir leighis a chur ar bha a bhfuil drochbhail orthu sula maraítear iad ná mar gheall go bhfeictear dóibh nach bhfuil éifeachtúlacht costais ag baint leis sin a dhéanamh. Bíonn sé níos costasaí de ghnáth d'fheirmeoirí ba a bhfuil drochbhail orthu a mharú ar an bhfeirm ná iad a chur chuig seamlas, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gnóthachan airgeadais ag baint le hainmhí a dhíol leis an seamlas – fiú agus drochbhail ar an ainmhí sin.

Chomh maith leis sin, ní gnách go gcuireann na smachtbhannaí bac ar droch-chleachtas nó ar ghníomhaíocht neamhdhleathach toisc go bhfeictear d'oibreoirí go bhfuil na smachtbhannaí íseal i gcomparáid leis an bpraghas a fhaightear ar an ainmhí. Mar shampla, le linn ceann dá chuid rialuithe, fuair an Coimisiún go raibh fíneáil de €250 forchurtha nuair a rinneadh tarbh le cos briste a aistriú, nuair a d'fhéadfadh garluach de thart ar €1 500 a bheith ar an tarbh sin nuair a bheadh sé maraithe.

*Foinse:* An Coimisiún, Staidéar maidir le samhlacha eacnamaíocha chun a chinntiú nach ndéantar ba déiríochta ré caite a iompar agus drochbhail orthu (2022), leathanach iv; An Coimisiún Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 33; An Coimisiún, Tuarascáil fhorléargais ar chórais a chuirfidh stop le hainmhithe a bhfuil drochbhail orthu a bheith á n-iompar san Aontas (2015), lch. 9.

---

[76] An Coimisiún, Seiceáil Oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 42.

## D'fhéadfadh roghanna tomhaltóirí tionchar a imirt ar iompar ainmhithe

**58** Bíonn tionchar ag roghanna tomhaltóirí ar iompar ainmhithe[77]. Is tosca iad éileamh tomhaltóirí ar fheoil áitiúil, ar fheoil amach ón seamlas, nó ar ghearrthacha áirithe feola, mar aon le héileamh séasúrach ar chineálacha áirithe feola ar féidir leo difear a dhéanamh don ghá atá le hiompar ainmhithe. Sampla is ea allmhairiú uan isteach san Iodáil i rith thréimhse na Cásca.

**59** De réir Eorabharaiméadar 2022 maidir le sábháilteacht bia, dúirt formhór na bhfreagróirí (54 %) go smaoiníonn siad ar chostas an táirge nuair a bhíonn bia á cheannach acu, dúirt 46 % go bhféachann siad ar an tionscnamh geografach; is lú freagróirí a bhíonn ag smaoineamh ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid (16 %) agus ar ghnéithe eiticiúla, amhail leas ainmhithe (15 %)[78].

**60** Fuarthas amach i staidéar an Choimisiúin ar lipéadú i gcomhair leas ainmhithe, cé gur mhaígh tomhaltóirí gur chuir siad gnéithe leasa ainmhithe san áireamh nuair a bhí táirgí feola á gceannach acu, nach raibh siad sásta i gcónaí praghsanna níos airde a íoc ar tháirgí a bhfuil leas ainmhithe níos fearr acu. Tháinig méadú breise ar a dtoilteanas íoc dá gcuirfí ar an eolas iad faoi dhálaí feirmeoireachta ainmhithe, agus dá gcreidfidís go raibh an táirge ar chaighdeán níos airde[79]. Creideann eagraíochtaí tionscail, áfach, nach leor an toradh margaidh a bheith in ann infheistíochtaí i leas ainmhithe a aisghabháil, mar gheall nach bhfuil tomhaltóirí ar an eolas faoi na caighdeáin faoina ndéantar a mbia a tháirgeadh, agus dá bhrí sin gurb é an praghas an toisc is tábhachtaí fós sna roghanna maidir le bia a cheannach do thomhaltóir[80].

**61** Amach anseo, d'fhéafadh ról tábhachtach a bheith ag tomhaltóirí i ndail le hathrú a chur chun cinn, ós rud é – de réir an Choimisiúin – go meastar go dtabharfaidh siad aird níos mó ar na nithe seo a leanas:

- próisis táirgthe agus tionscnamh an táirge (e.g. margaí áitiúla, scéimeanna orgánacha agus scéimeanna cáilíochta eile, leas ainmhithe, agus an lorg comhshaoil);

---

[77] EFA, Straitéis chun iompar ainmhithe beo a laghdú agus rud éigin eile a chur ina ionad (2019), lch. 17.

[78] EFSA, Eorabharaiméadar maidir le sábháilteacht bia san Aontas (2022), lch. 8.

[79] An Coimisiún, Staidéar ar lipéadú i gcomhair leas ainmhithe (2022), lch. 110.

[80] An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 42.

- cúinsí sláinte (iontógáil níos ísle nó gan iontógáil próitéiní ainmhíbhunaithe);
- áisiúlacht (aistriú ó fheoil úr go dtí tuilleadh den feoil phróiseáilte)[81].

**62** Faoi 2031, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar thomhaltas feola an Aontais, murab ionann agus an treocht atá ann ar an leibhéal domhanda. Trína fheachtais chur chun cinn, áfach, cuidíonn an Coimisiún le feirmeoirí an Aontais agus le tionscal an bhia a dtáirgí feirme a dhíol, lena n-áirítear feoil (úr, fuaraithe agus reoite) agus ullmhóidí feola[82]. Ó thaobh níos leithne de, tá gaol idir méid an feola a itear agus líon na n-ainmhithe beo a iompraítear[83].

[81] An Coimisiún, Ionchas Talmhaíochta an Aontais 2021-2031 (2021), lch. 30.

[82] Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014.

[83] POL, Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021), lgh. 13-14.

# Treochtaí in iompar ainmhithe

## Níl aon sonraí láraithe cuimsitheacha ann maidir le hiompar ainmhithe ar leibhéal an Aontais

**63** Tá sonraí maidir le hiompar ainmhithe beo ilroinnte ar leibhéal an Aontais[84]. Is í an phríomhchúis leis sin ná nach gceanglaítear le reachtaíocht an Aontais ar na Ballstáit sonraí maidir le hiompar ainmhithe beo a bhailiú agus a thuairisciú. Ní chuireann an Rialachán Iompair de cheangal ar Bhallstáit ach na cigireachtaí a rinneadh a thuairisciú[85]. I gcomhthéacs galair thógálacha a bhíonn ar ainmhithe a chosc, ceanglaítear leis an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe go ndéanann na Ballstáit gluaiseachtaí ainmhithe a thaifeadadh i mbunachair sonraí náisiúnta um shainaithint agus um chlárú[86]. Cruthaíodh na bunachair sonraí náisiúnta sin chun ainmhithe a shainaithint, feirmeacha a chlárú agus galair a rialú. Is é tuairim an Choimisiúin ná nach bhfuil na bunachair sonraí sin iomchuí chun sonraí maidir le hiompar ainmhithe a asbhaint agus a anailísiú.

**64** Tá dhá bhunachar sonraí de chuid an Aontais ann ina gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le hiompar ainmhithe:

- **Comext**, bunachar sonraí Eurostat maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí, lena n-áirítear ainmhithe beo.
- **TRACES**, ardán ar líne an Choimisiúin le haghaidh deimhniú sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhaineann le trádáil laistigh den Aontas, agus allmhairiú agus onnmhairiú ainmhithe, bia, beatha agus plandaí.

**65** Is féidir ainmhithe a aistriú go Ballstát eile más rud é go bhfuil deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leo[87]. Ní mór fógra a thabhairt faoi na gluaiseachtaí sin trí bhunachar sonraí TRACES[88]. Ní dhéantar turais chuig tíortha nach bhfuil san Aontas a thaifeadadh in TRACES ach amháin nuair a théann ainmhithe trí Bhallstát eile.

---

[84] EPRS, Cosaint ainmhithe le linn iompair (2021), lch. 8; Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle (2019), mír 23.

[85] Airteagal 27(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

[86] Airteagal 109 de Rialachán (AE) 2016/429.

[87] Airteagal 143(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

[88] Airteagal 153(2) de Rialachán (AE) 2016/429.

Admhaíonn an Coimisiún nach bhfuil pictiúr iomlán ann d'onnmhairí ainmhithe a dhéantar de bhóthar[89]. Tá sé mar a chéile i gcás modhanna iompair eile. I gcás onnmhairí de mhuir in 2018, mheas an Coimisiún nár thaifead TRACES ach 31.6 % d'eallach agus 3.5 % de chaoirigh a onnmhairíodh i soithí beostoic ón gCróit, ón tSlóivéin, ón Spáinn, ón bhFrainc, ó Éirinn, ón bPortaingéil agus ón Rómáin (á dtógáil ar fad le chéile)[90].

**66** Tá sonraí áirithe a bhaineann le hiompar in TRACES, mar aon le torthaí na gcigireachtaí oifigiúla. Ní thugann TRACES forléargas cuimsitheach ar iompar ainmhithe[91]. Ina theannta sin, tá sonraí maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí, lena n-airítear ainmhithe beo, ar fáil in Comext. Níl sonraí maidir le hiompar ainmhithe clóis laistigh de na Ballstáit i gceachtar den dá fhoinse sonraí. Léirítear i ***bhFíor 8*** na sonraí ábhartha ón dá bhunachar sonraí agus an úsáid a bhaineamar astu don athbhreithniú seo.

---

[89] An Coimisiún, Leas na n-ainmhithe a onnmhairítear de bhóthar (2020), lch. 13.

[90] An Coimisiún, Leas na n-ainmhithe a iompraítear ar muir (2020), lch. 5.

[91] An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 32.

## Fíor 8 – Sonraí Comext agus TRACES a úsáidtear inár n-anailís

| | AINMHÍ | | | IOMPAR | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | luach | líon | meáchan | méid ama | fad | modhanna | an chúis | sa Bhallstát | laistigh den Aontas | lasmuigh den Aontas |
| **Comext** Bunachar sonraí Eurostat **maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí** | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **TRACES** Ardán ar líne an Choimisiúin le haghaidh **ceanglais sláintíochta** | ✗ | (✓) | (✓) | ✓ | ✓ | (✓) | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ * |

✓ Curtha san áireamh agus úsáidte le haghaidh anailíse

(✓) Curtha san áireamh ach gan bheith úsáidte le haghaidh anailíse

✗ Faisnéis nach bhfuil sa bhunachar sonraí


* **TRACES:** Níl ach roinnt faisnéise faoi onnmhairiú lasmuigh den Aontas ann agus níl faisnéis ar bith ann faoi allmhairiú lasmuigh den Aontas

*Foinse:* CIE.

## Treochtaí maidir le hainmhithe a iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas

**67** Rinneamar anailís ar na sonraí atá ar fáil maidir le trádáil ainmhithe beo laistigh den Aontas le linn na tréimhse 2012-2021. Léirítear i ***bhFíor 9*** na treochtaí a sainaithníodh.


### Fíor 9 — Treochtaí in iompar ainmhithe beo laistigh den Aontas (2012-2021)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Comext (i meáchan).

**68** Léirítear i ***bhFíor 10*** na tíortha ar chucua dhéanann na honnmhaireoirí is mó le haghaidh gach speiceas a gcuid ainmhithe beo a iompar. Is tíortha comharsanacha iad na príomhfhaighteoirí de ghnáth, ach is minic a iompraítear ainmhithe i bhfad níos faide ó bhaile, lena n-áirítear lasmuigh den Aontas.


## Fíor 10 – Príomhonnmhaireoirí an Aontais de réir speicis ainmhithe agus a bpríomhchinn scríbe (laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas le chéile) do thréimhse 2017-2021




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Comext (i meáchan carnach).

**69** Maidir leis an achar a mhaireann aistear, ba thurais ghearra (63 %) iad tromlach na n-aistear don iompar ainmhithe laistigh den Aontas in 2017-2021, agus ina dhiaidh sin turais fhada (33 %) agus turais an-fhada (4 %). Déantar éanlaith chlóis a iompar ar thurais ghearra de ghnáth (*Fíor 11*), agus is gnách do chapaill aistir níos faide a dhéanamh.


## Fíor 11 — An t-achar a mhaireann aistir don ainmhithe san iompar laistigh den Aontas, de réir speicis (2017-2021)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí TRACES (i gcoinsíneachtaí).

**70** Is de bhóthar a dhéantar an chuid is mó de thrádáil ainmhithe beo idir Ballstáit, a sheasann do 70 % ó thaobh meáchain de agus 64 % ó thaobh luach margaidh de (*Fíor 12*).

### Fíor 12 — Modh iompair le haghaidh trádáil laistigh den Aontas (2017-2021)





Ní thaispeánann thart ar aon trian de na sonraí a cláraíodh in Comext (30 % ó thaobh meáchain de, 32 % ó thaobh luacha de) an modh iompair

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Comext.

**71** I gcás onnmhairí lasmuigh den Aontas, is de mhuir a dhéantar an chuid is mó den iompar (63 %); ach ó thaobh luach margaidh de, tá sé dáilte go cothrom idir na modhanna éagsúla iompair (*Fíor 13*).


### Fíor 13 – Modh iompair le haghaidh onnmhairí d'ainmhithe beo an Aontais chuig tíortha nach bhfuil san Aontas (2017-2021)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí Comext.

**72** In 2017-2021, rinneadh ainmhithe beo a iompar idir Ballstáit le linn an phróisis táirgeachta nó lena marú (***Fíor 14***).


### Fíor 14 — Cúiseanna le haghaidh iompair laistigh den Aontas, de réir speicis (2017-2021)




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó TRACES.

**73** Le linn a shaolré, d’fhéadfaí ainmhí amháin a aistriú ó áit go háit roinnt uaireanta agus ar chúiseanna éagsúla. Léirítear i ***bhFíor 15*** sampla de lao a dhíoltar le haghaidh táirgeadh feola.

## Fíor 15 — Aistear lao déiríochta a dhíoltar le haghaidh táirgeadh feola




*Nóta:* Tá an sampla seo bunaithe ar an anailís ar na doiciméid agus ar na sonraí atá ar fáil. Ní léiríonn sé aistear d’aon ainmhí ar leith.

*Foinse:* An Coimisiún, Staidéar ar bhogadh ó laonna diúil déiríochta a iompar thar achar fada go dtí tógáil agus ramhrú áitiúil (2022), lgh. 15, 19, 38; Sonraí Comext.

## Teicneolaíochtaí nua chun faireachán ar iompar ainmhithe a fheabhsú

**74** Ina rún in 2019 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin Iompair[92], d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún íoschaighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh córas rianaithe do gach aistear a leagan síos chun bailiú sonraí ar bhealach níos comhchuibhithe a éascú.

**75** Moladh i dtuarascáil ón gCoimisiún go bhféadfadh córas TF nó bogearraí sonracha chun bealaí, amanna aistir agus paraiméadair eile feithiclí a iompraíonn ainmhithe a rianú feabhas a chur ar fhaireachán[93]. Mar chuid dá athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe, tá an Coimisiún ag smaoineamh ar theicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach chun faireachán agus forfheidhmiú a fheabhsú. Is iad an dá rogha atá á mbreithniú ná:

- o lárchóras TF de chuid an Aontais a chruthú chun deimhnithe agus údaruithe a dhigiteáil, chun seiceálacha uathoibríocha a dhéanamh ar dhoiciméadacht, agus chun rochtain fíor-ama ar shonraí aistir a dheonú; nó
- o ceangal a chur ar na Ballstáit uirlisí den sórt sin a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta[94].

**76** Sa tSualainn, tá sé léirithe ag taighdeoirí go bhféadfadh úsáid uirlisí digiteacha an phleanáil bealaigh agus an lóistíocht a bhaineann le hiompar ainmhithe a bharrfheabhsú. D'fhéadfadh optamú den sórt sin achair iompair a laghdú[95].

---

[92] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle (2019), mír 23.

[93] An Coimisiún, Meastóireacht ar Straitéis AE maidir le Cosaint agus Leas Ainmhithe 2012-2015 (2021), lch. 26.

[94] An Coimisiún, Measúnú ar Thionchar Tionscanta maidir le leas ainmhithe (2021), lch. 4.

[95] Håkansson et al., Feabhas a chur ar leas ainmhithe trí anailís straitéiseach agus barrfheabhsú lóistíochta ar iompar le haghaidh marú ainmhithe (2016), lch. 261.

**77** Measann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) go bhfuil an measúnú ar an mbail atá ar ainmhithe le haghaidh iompair ríthábhachtach chun rannchuidiú le leas ainmhithe[96]. In 2015, sheol an Coimisiún treoirthionscadal chun Treoirleabhair maidir le Dea-Chleachtas agus Sár-Chleachtas d'ainmhithe a iompraítear laistigh den Eoraip agus chuig tíortha nach bhfuil san Aontas lena marú, lena ramhrú agus lena bpórú a fhorbairt agus a scaipeadh. Forbraíodh treoirleabhair le haghaidh iompar eallaigh, capall, muc agus caorach[97]. In 2022, léiríodh i staidéar ón gCoimisiún maidir le hiompar bó déiríochta a bhfuil drochbhail orthu gur rannchuidigh easpa tuisceana nó léirmhínithe éagsúla ar an sainmhíniú ar 'drochbhail' leis an gcás go mbíonn ba nach bhfuil bail cheart don aistear orthu á n-aistriú ó áit go háit[98].

**78** Cuirtear bac ar fhaireachán ar leas ainmhithe le linn a n-iompair mar gheall ar rochtain theoranta ar ainmhithe le linn an idirthurais[99]. In 2011, mhol EFSA uirlisí níos fearr a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar leas ainmhithe le linn aistir fhada, e.g.:

- faireachán ar theocht agus córais rabhaidh – a cheanglaítear a bheith ann cheana féin d'fheithiclí a dhéanann ainmhithe a iompar d'achair fhada de réir an Rialacháin Iompair – [100] a áireamh i gcórais loingseoireachta;
- íoschaighdeáin chomhchoiteanna a bhunú chun gur féidir measúnú níos comhchuibhithe a dhéanamh ar na paraiméadair a ndearnadh faireachán orthu[101].

Ní raibh aon cheann de na moltaí seo ó EFSA léirithe i reachtaíocht an Aontais go dtí seo. Is féidir leis an easpa uirlisí faireacháin tionchar diúltach a bheith aige ar chomhlíonadh agus forfheidhmiú, agus dá bhrí sin, ar leas ainmhithe[102].

---

[96] EFSA, Leas eallaigh le linn iompair (2022), lgh. 27 agus 91.

[97] Suíomh gréasáin an treoirthionscadail 'Treoirleabhair Iompair Ainmhithe'.

[98] An Coimisiún, Staidéar ar shamhlacha eacnamaíocha chun cosc a chur ar bha déiríochta ré caite a iompar agus drochbhail orthu (2022), lch. iv.

[99] EFSA, Leas eallaigh le linn iompair (2022), lch. 91.

[100] Roinn 3 faoi Chaibidil VI d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

[101] EFSA, Tuairim Eolaíoch maidir le Leas Ainmhithe le linn Iompair (2011), lch. 88.

[102] An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022), lch. 33.

**79** In 2022, mhol EFSA na nithe seo a leanas: ceamaraí bunaithe ar an intleacht shaorga a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar leas ainmhithe le linn iompair; braiteoirí chun an strus gluaisne ar ainmhithe, arb iad gluaiseachtaí feithiclí is cúis leis, a bhrath; agus criosanna a chur ar chapaill chun a sonraí fiseolaíocha a thaifeadadh le linn iompair. Baineadh úsáid as na huirlisí teicneolaíochta atá ar fáil sa réimse seo i staidéir eolaíocha, ach níl siad á gcur i bhfeidhm go praiticiúil go fóill[103].

[103] EFSA, Leas eallaigh le linn iompair (2022), lch. 18-19, 91.

# Dúshláin agus deiseanna

**80** Tá iompar ainmhithe beo in ann díobháil a dhéanamh do leas ainmhithe. Tá tionscnaimh glactha ag an Aontas chun leas ainmhithe a fheabhsú le linn iompair, chun reachtaíocht a ghlacadh agus chun maoirseacht a dhéanamh ar a fhorfheidhmiú ag na Ballstáit. Tá tosca eacnamaíocha ina ngné lárnach don iompar ainmhithe. Mar gheall ar na difríochtaí idir na costais ó Bhallstát go chéile agus mar gheall ar an ngá atá le barainneachtaí scála a bhaint amach, tá speisialtóireacht tarlaithe san earnáil bheostoic mar aon le comhchruinniú in earnáil an mharaithe ainmhithe – ar rudaí iad sin a spreagann iompar ainmhithe. D'fhéadfadh roghanna tomhaltóirí difear a dhéanamh freisin do thoilteanas oibreoirí eacnamaíocha ainmhithe beo a aistriú.

**81** D'fhéadfaí an díobháil a dhéanann an t-iompar do leas ainmhithe a mhaolú trí líon agus fad na n-aistear a laghdú, agus trí na dálaí d'ainmhithe beo le linn iompair a fheabhsú. San athbhreithniú seo, tá roinnt dúshlán agus deiseanna sainaitheanta againn do lucht ceaptha beartas agus do gheallsealbhóirí an Aontais a d'fhéadfaí a chur san áireamh san athbhreithniú a dhéanfar go luath ar reachtaíocht an Aontais sa réimse seo.

**82** **Roghanna malartacha ar iompar ainmhithe beo a shainaithint.** D'fhéadfadh sé go mbeadh iompar feola seachas iompar ainmhithe beo níos inbhuanaithe ó thaobh leas ainmhithe de agus ó thaobh an tionchair ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide, ach – ó thaobh na heacnamaíochta de – d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé brabúsach i gcónaí. Bealach eile chun iompar ainmhithe a laghdú go páirteach is ea marú na n-ainmhithe a thabhairt níos gaire don láthair táirgthe. Má aimsítear bealaí chun forbairt seamlas áitiúil a chur chun cinn agus a dhreasú agus má bhíonn saoráidí maraithe ainmhithe soghluaiste in úsáid, d'fhéadfadh sé seo rannchuidiú leis an gcuspóir sin, cé nach bhfuil iontu sin ach réitigh ar mhionscála atá ag freastal ar riachtanais shonracha agus ar éileamh nideoige.

**83** **Faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí chun cuidiú leo roghanna eolasacha a dhéanamh.** D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag roghanna tomhaltóirí chun athrú a chur chun cinn. Is fearr le tomhaltóirí feoil a tháirgtear go háitiúil de ghnáth, agus tá cuid acu sásta níos mó a íoc má chuirtear ar an eolas iad faoi dhálaí maithe leasa ainmhithe. Mar sin féin, is minic a chuireann na téarmaí a úsáidtear ar lipéid bhia agus iomadú na scéimeanna lipéadaithe sna Ballstáit mearbhall ar thomhaltóirí. D'fhéadfadh tuilleadh trédhearcachta agus comhchuibhithe, mar shampla trí chóras lipéadaithe leasa ainmhithe de chuid an Aontais, cuidiú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh. Trína fheachtais chur chun cinn, áfach,

cuidíonn an Coimisiún le feirmeoirí an Aontais agus le tionscal an bhia a dtáirgí feirme a dhíol, lena n-áirítear feoil (úr, fuaraithe agus reoite) agus ullmhóidí feola.

**84 Athruithe struchtúracha a chur chun cinn chun bogadh i dtreo slabhra soláthair bia níos inbhuanaithe.** Leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', cuirtear an t-aistriú i dtreo córas bia níos inbhuanaithe chun cinn. Bheadh athruithe struchtúracha sa slabhra soláthair agus i bpatrúin tomhaltais bia ag teastáil le haghaidh aistriú den sórt sin. D'fhéadfadh ról díreach a bheith ag tionscnaimh airgeadais atá ceaptha go maith tríd an gcomhartha praghais ceart a thabhairt agus na dreasachtaí cearta a chur ar fáil le haghaidh iompraíocht inbhuanaithe ag táirgeoirí, úsáideoirí agus tomhaltóirí.

**85 Luach airgeadaíochta a shannadh i leith fulaingt ainmhithe agus é sin a chur san áireamh sa chostas iompair agus i bpraghas na feola.** Ní chuirtear cáilíocht leasa ainmhithe san áireamh i gcostas iompair ná praghas na feola. Deis a d'fhéadfaí a thapú is ea córais dreasachta a thabhairt isteach chun cuideachtaí iompair a spreagadh chun fadhbanna leasa ainmhithe a chosc, agus na dreasachtaí eacnamaíocha a ghabhann le neamhchomhlíonadh a íoslaghdú.

**86 Forléargas láraithe cuimsitheach a fháil ar iompar ainmhithe, faireachán a dhéanamh ar dhálaí ainmhithe beo le linn iompair, barr feabhais lóistíochta a chur chun cinn.** Bailíonn na Ballstáit faisnéis maidir le gluaiseachtaí ainmhithe mar chuid den phróiseas rialaithe galair. Níl aon sonraí láraithe cuimsitheacha maidir le hiompar ainmhithe ag an gCoimisiún. Le córas TF ar leibhéal an Aontais chun rianú a dhéanamh ar gach aistear ainmhithe beo, lena n-áirítear turais laistigh den Bhallstát, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ligfeadh sé sin don Choimisiúin sonraí láraithe cuimsitheacha a fháil maidir le haistrithe ainmhithe. D'fhéadfadh úsáid uirlisí digiteacha pleanáil agus lóistíocht an iompair ainmhithe a bharrfheabhsú freisin. Cuirtear bac ar fhaireachán ar leas ainmhithe le linn a n-iompair mar gheall ar rochtain laghdaithe ar ainmhithe le linn an idirthurais. Baineadh úsáid as na huirlisí teicneolaíochta atá ar fáil sa réimse seo i staidéir eolaíocha, ach níl siad á gcur i bhfeidhm go praiticiúil go fóill. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí nua, amhail ceamaraí agus braiteoirí, rannchuidiú le leas ainmhithe le linn iompair a thomhas agus le faireachán a dhéanamh air.

Is é Seomra I, faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an t-athbhreithniú seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Márta 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinn

## Iarscríbhinn I – Na príomhfhoilseacháin a ceadaíodh

Baltussen et al., Táirgeadh inbhuanaithe: ainmhithe nó feoil a iompar? (2009)

Baltussen et al., Iompar ainmhithe beo i gcomparáid le feoil (2017)

Bittlmayer, Saintréithe Áitiúla Tháirgeadh na Muc sa Ghearmáin agus sa Bhaváir (2019)

An Coimisiún, Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le tionchar Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar (2011)

An Coimisiún, Tuarascáil fhorléargais ar chórais chun cosc a chur ar iompar ainmhithe a bhfuil drochbhail orthu san Aontas Eorpach (2015)

An Coimisiún, Todhchaí earnáil an bheostoic (2020)

An Coimisiún, Leas na n-ainmhithe a onnmhairítear de bhóthar (2020)

An Coimisiún, Leas na n-ainmhithe a iompraítear ar muir (2020)

An Coimisiún, Tuarascáil lena ndéantar meastóireacht ar an tásc éigeantach den tír thionscnaimh nó ar an mbunáitíocht le haghaidh feoil mucra, éanlaithe clóis, caorach agus gabhar (2021)

An Coimisiún, Ionchas Talmhaíochta an Aontais 2021-2031 (2021)

An Coimisiún, Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe (2022)

An Coimisiún, Staidéar ar lipéadú i gcomhair leas ainmhithe (2022)

An Coimisiún, Staidéar maidir le Bearta agus Ionstraimí CBT lena gcuirtear leas ainmhithe chun cinn agus maidir le laghdú ar an úsáid a bhaintear as frithmhiocróbaigh (2022)

An Coimisiún, Staidéar ar bhogadh ó laonna diúil déiríochta a iompar thar achar fada go dtí tógáil agus ramhrú áitiúil (2022)

An Coimisiún, Staidéar ar shamhlacha eacnamaíocha chun cosc a chur ar bha déiríochta ré caite a iompar agus drochbhail orthu (2022)

CIE, Tuarascáil speisialta 31/2018: 'Leas ainmhithe san Aontas – An bhearna idir spriocanna uaillmhianacha agus cur chun feidhme praiticiúil a dhúnadh'

EFSA, Tuairim Eolaíoch maidir le Leas Ainmhithe le linn Iompair (2011)

EFSA, Leas eallaigh le linn iompair (2022)

EFSA, Eorabharaiméadar maidir le sábháilteacht bia san Aontas (2022)

EPRS, Leas ainmhithe ar an bhfeirm – meastóireacht *ex post* ar reachtaíocht an Aontais: Ionchais maidir le lipéadú i gcomhair leas ainmhithe ar leibhéal an Aontais (2021)

EFA, Straitéis chun iompar ainmhithe beo a laghdú agus rud éigin eile a chur ina ionad (2019)

EFA, Iompar ainmhithe beo (2021)

Eurofound, Oibrithe próiseála feola (2018)

Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar (2012)

Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh 1/2005 (2019)

Parlaimint na hEorpa, Tuarascáil ar an imscrúdú ar sháruithe agus ar dhrochriarachán líomhnaithe i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de (2021)

Håkansson et al., Feabhas a chur ar leas ainmhithe trí anailís straitéiseach agus leas iomlán a bhaint as loighistic iompair marú ainmhithe (2016)

Hoste, Comparáid idirnáisiúnta costais táirgthe muca (2018)

Hultgren, Iompar ainmhithe beo i gcomhair a maraithe a sheachaint: seamlais shoghluaiste (2022)

IPOL, Patrúin iompair beostoic san Aontas agus chuig tríú tíortha (2021)

Van Horne, Iomaíochas earnáil éineola an Aontais Eorpaigh (2018)

Van Wagenberg et al., Anailís chostais-tairbhe ar scéimeanna príobháideacha deimhniúcháin do leas ainmhithe le linn cianiompair san Aontas Eorpach (2015)

Van Wagenberg, Eacnamaíocht an iompair ainmhithe (2019)

Van Wagenberg, Baltussen, Cúiseanna socheacnamaíocha le hiompar trasteorann fadraoin ainmhithe san Aontas (2021)

# Giorrúcháin

**ANIT:** Coiste fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar

**CBT:** an comhbheartas talmhaíochta;

**EFA:** An Grúpa Eorpach d'Ainmhithe

**EFSA:** An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia

**ENR:** eagraíocht neamhrialtasach

**EPRS:** Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa

**IPOL:** An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais i bParlaimint na hEorpa

# Gluais

**Coinsíneacht:** Cainníocht na n-earraí atá clúdaithe ag deimhniú aonair nó ag doiciméad aonair agus a iompraítear ón áitreabh tionscnaimh céanna go dtí an ceann scríbe céanna ar an modh iompair céanna.

**Comext:** Bunachar sonraí Eurostat maidir le trádáil earraí an Aontais Eorpaigh, i measc Bhallstáit an Aontais agus le tíortha nach bhfuil san Aontas.

**Lao déiríochta:** Bó óg a phóraítear chun bainne a tháirgeadh.

**Méathú:** An chéim dheireanach den ramhrú, mar ullmhúchán don mharú.

**Pórú:** Ainmhithe a choinneáil chun sliocht a tháirgeadh.

**Ramhrú:** Ainmhithe a choinneáil chun feoil a tháirgeadh.

**TRACES:** Ardán ar líne an Choimisiúin ar a bhfuil faisnéis faoi dheimhniú sláintíochta agus fíteashláintíochta le haghaidh trádáil ainmhithe, bia agus beatha de bhunadh ainmhíoch agus neamhainmhíoch araon, agus plandaí, laistigh den Aontas agus le tíortha eile araon.

# Foireann na Cúirte Iniúchóirí

Is é Seomra I – Úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, atá faoi cheannas Joelle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a ghlac an tuarascáil seo. Rinneadh an tasc faoi stiúir Eva Lindstrom (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Kristina Maksinen (Ceann na hOifige Príobháidí), Katharina Bryan (iar-Cheann na hOifige Príobháidí), Johan Stalhammar (Ataisé na hOifige Príobháidí), Elena Graziuso (Cúntóir Beartais), Andrzej Robaszewski, (Eacnamaí san Oifig Phríobháideach), Emmanuel Rauch (Príomhbhainisteoir), Michaela Lanzutti, (Ceann Cúraim) agus Michal Szwed, Magdeline Owusu Agyemang agus Zvonimir Novoselic (Iniúchóirí). Thug Marika Meisenzahl tacaíocht ghrafach. Thug Stamatis Kalogirou agus Lukasz Kolodziej tacaíocht san anailís sonraí agus sa chruthú deaise. Chuir Agata Sylwestrzak agus Laura McMillan tacaíocht teanga ar fáil.



*Ó chlé go deas:* Andrzej Robaszewski, Elena Graziuso, Stamatis Kalogirou, Michela Lanzutti, Johan Stalhammar, Eva Lindström, Laura McMillan, Kristina Maksinen, Zvonimir Novoselic, Magdeline Owusu Agyemang, Michal Szwed.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, déanfaidh sé an cead ginearálta thuasluaite a chur ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus cuirfear in iúl go soiléir sa chead nua má tá aon srianta ag gabháil leis an úsáid.

Má táthar ag iarraidh ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go gcaithfí cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt:

— Fíoracha – Deilbhíní: rinneadh na fíoracha go léir a dhearadh ag úsáid acmhainní ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.



| GA PDF | PDF/Volume_01 | QJ-07-23-137-GA-N | 978-92-847-9867-4 | 10.2865/216508 |
|---|---|---|---|---|

Tugann ár n-athbhreithniú tuairisc ar na príomhthosca atá ann d'iompar ainmhithe beo, agus léiríonn sé na treochtaí in iompar ainmhithe. Gach bliain, iompraítear na billiúin ainmhí beo de bhóthar, de mhuir, d'iarnród agus d'aer laistigh den Aontas agus chuig an Aontas agus uaidh, ar chúiseanna éagsúla, amhail pórú, ramhrú nó marú. Tá reachtaíocht maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair glactha ag an Aontas, ach tá laigí braite ag an gCoimisiún Eorpach agus i staidéir acadúla. Tá dúshláin agus deiseanna ann maidir le roghanna malartacha ar iompar ainmhithe beo a shainaithint, faisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí, athruithe struchtúracha a chur chun cinn i dtreo slabhra soláthair bia níos inbhuanaithe, luach airgeadúil a shannadh d'fhulaingt ainmhithe agus é a thabhairt isteach i gcostais iompar agus praghsanna feola, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn.

**CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA**
**12, rue Alcide De Gasperi**
**1615 Luxembourg**
**LUCSAMBURG**

**Teil. +352 4398-1**

**Fiosrúcháin:** eca.europa.eu/ga/Pages/ContactForm.aspx
**Suíomh Gréasáin:** eca.europa.eu
**Twitter:** @EUAuditors

CURIA RATIONUM

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA